# "Cén chaoi ar chóir dúinn luach a chur ar na hEalaíona agus ar an gCultúr?"[1]


## An tOllamh Geoffrey Crossick

Ollamh mór le rá Scoil Ard-Léinn na nDaonnachtaí in University of London.


Cad é luach na n-ealaíon agus an chultúir? Cuireann an cheist fiú isteach ar chleachtóirí ealaíne agus ar rannpháirtithe a ghlacann páirt sna healaíona go minic. Baineann an focal 'luach' le tuairisceáin airgeadais nó le tairbhí cinnte a rachadh i gcion ar rialtais, ar fhondúireachtaí agus ar mhaoinitheoirí corparáideacha. Is gá dúinn fós féin coincheap an luacha a éileamh mar baineann fairsinge an téarma le i bhfad níos mó ná ceist airgid amháin. Ba é, tar éis an tsaoil, ciall uasal an téarma a spreag Oscar Wilde leis an Lord Darlington a mhúscailt le tabhairt faoi deara i *Lady Windermere's Fan* gurb ionann soinicí agus 'fear a bhfuil praghas gach aon ní ach luach ní ar bith ar eolas aige'. Ba cheart don tús áite a thugtar do luach ní seachas dá phraghas (nó seachas tomhais eile nach bhfuil i gceist leis ach airgead) dul i bhfeidhm orainn nuair a fhiafraítear dínn cén fáth a bhfuil tábhacht leis na healaíona agus cultúr. Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin fiafraí faoi luach na n-ealaíon agus an chultúir, ach b'fhéidir gurb é sin an fáth a bhfuil sé chomh corrach sin freisin.

Bíonn comhráite corrach go minic mar go bhfuiltear i ndiaidh iad a tharraingt isteach in argóintí gearrthéarmacha maidir le maoiniú poiblí. Tá teacht chun cinn na Bainistíochta Poiblí Nua sna 1990idí, agus an bhéim a leagtar inti ar spriocanna, aschuir, agus iniúchadh le maoiniú poiblí a dhlisteanú i ndiaidh méadú le deich mbliana anuas mar gheall ar ghéarchéimeanna airgeadais agus an ganntanas airgid i gcaiteachas poiblí mar thoradh ar na géarchéimeanna. Sa chomhthéacs seo, ba ghá sochar an chaiteachais phoiblí ar chultúr a léiriú trí anailís costais is tairbhe, agus ceanglaíodh luach earnáil an chultúir le cláir eile rialtais. Bhraith lucht na n-ealaíon go raibh orthu argóint a dhéanamh ar son maoiniú poiblí i dtéarmaí a bhí éagsúil leis an eispéireas cultúrtha féin, agus iarmhairtí an eispéiris sin, agus ag breathnú seachas sin ar na buntáistí don gheilleagar, don ionchuimsiú sóisialta, bailte, sláinte, agus oideachas. Sa bhliain 2007 spreag sé freagra ealaíonta simplí ó Grayson Perry. Rinne sé obair cheirmeach dar teideal 'Laghdóidh an pota seo coiriúlacht 29 faoin gcéad'.

Is gá dúinn seasamh siar ó bhuarthaí a bhí ann le 20 bliain anuas agus cur chuige níos leithne a ghlacadh, ceann a shíníonn paraiméadair na tuisceana atá againn ar luach na n-ealaíon agus an chultúir. Conas ba cheart dúinn iad a shíneadh? Ar dtús, ba chóir dúinn dul sa tóir ar thuiscint seachas ar abhcóideacht. Fad is gurb é príomhsprioc ár gcomhráite ná cur ina luí ar an rialtas gur gá maoiniú poiblí a choimeád ag imeacht nó a ardú, cuirfidh muid i dtreo buntáistí a shíleann muid a bheith ábhartha do rialtais, amhail tionchar eacnamaíoch, athbheochan uirbeach, nó gnóthachtáil oideachasúil. D'ainneoin cuid mhór taighde ina gceistítear na modheolaíochtaí nó na torthaí simplí, den chuid is mó is scéalta dearfacha iad na scéalta a insítear.

Lorgaímis tuiscint roimh abhcóideacht. Agus ciallaíonn sé sin réimse na n-ealaíon agus an chultúir a bhfuil spéis againn iontu a leathnú, ionas nach ndíríonn an spéis sin ar ghníomhaíochtaí a bhfuil maoiniú poiblí acu amháin ach ar sholáthar tráchtála freisin (is é sin, tar éis an tsaoil, an bealach is mó ina bhfaigheann daoine tuiscint ar chultúr), agus ar an soláthar amaitéarach agus rannpháirteach, a ndéantar dearmad orthu chomh minic céanna. I ndáiríre, is sa bhaile a bhaineann daoine sult as nach mór an scannánaíocht, litríocht, cluichí, ceol, agus teilifís ar fad a chuirtear ar fáil ar bhonn tráchtála. Is ar éigean a luaitear cumainn drámaíochta, cóir, ceardaíocht sa bhaile agus an t-uafás bealaí amaitéaracha eile ina mbíonn daoine rannpháirteach

---

[1] *Tá an píosa seo bunaithe ar an AHRC Cultural Value Project a raibh mise i mo Stiúrthóir air,*

*agus ar an tuarascáil a foilsíodh mar chuid de sa bhliain 2016. Le teacht ar an anailís agus fianaise iomlán féach Geoffrey Crossick & Patrycja Kaszynska, Understanding the value of arts and culture, AHRC 2016*
*http://www.ahrc.ac.uk/documents/publications/cultural-value-project-final-report/*

agus argóint á déanamh ar son na n-ealaíon. Nár chóir dúinn tosú tríd an luach a thagann ó na healaíona agus ón gcultúr ar fad a fhiosrú sula gceistíonn muid an fáth ar chóir do roinnt díobh fóirdheontas poiblí a fháil?

Ba cheart dúinn freisin na modhanna agus fianaise a úsáideann muid chun staidéar a dhéanamh ar na ceisteanna seo a shíneadh. Leagann ordlathas soiléir fianaise triallacha randamaithe rialaithe agus modh trialach ag an mbarr, agus síltear ar chúis éigin nach bhfuil na modhanna eile ar fad chomh maith céanna. Agus, ar an gcaoi chéanna, síltear go bhfuil údarás ag sonraí cainníochtúla nach bhfuil ag sonraí cáilíochtúla. Tá cúiseanna éagsúla ann fianaise maidir leis an difríocht a dhéanann plé le healaíona agus le cultúr a bhailiú agus a anailísiú. Taighde is ea an chéad chúis, a mbíonn sé mar aidhm aige cur lenár dtuiscint. Measúnú is ea an dara cúis, a dhéanann eagraíochtaí cultúrtha le torthaí a chur ar fáil do mhaoinitheoirí mar chuid den chuntasacht. Baineann an tríú cúis le cleachtóirí cultúrtha iad féin agus taighde mar chuid den chleachtas machnamhach, le fáil amach an bhfuil a gcuid spriocanna, ealaíonta nó eile, á mbaint amach. Tá tábhacht leis na trí cinn, agus bíonn trasnáil ann, ar ndóigh, ach go dtí go bhfeiceann eagraíochtaí ealaíon féin na fíorbhuntáistí a bhaineann le measúnú, leanfar ar aghaidh ag tabhairt faoi thaighde gan mórán spéise agus ar mhaithe le cuntasacht. Agus d’fhéadfadh na maoinitheoirí féin leas a bhaint as torthaí a thagann ó réimse níos éagsúla modhanna.

Baineann an domhan cultúrtha le hidirghníomhaíochtaí casta i gcásanna casta. Cuireann sé cuid dá fhianaise is tábhachtaí ar fáil trí mhodhanna na n-ealaíon agus na ndaonnachtaí, a bhfuil cás-staidéir chríochnúla ina dtarraingítear ar theanga, íomhánna, dioscúrsaí, breathnóireacht, agus stair mar bhunghnéithe díobh. Cruthaíonn cás-staidéir, a ndéantar anailís chúramach orthu agus a chuirtear i láthair go cúramach, miontuiscintí nach bhfaighfeá i gcuardach mórscála sonraí. Nach bhfuil sé seo ar cheann de mhórbhuanna an mhéid a chuireann na healaíona, daonnachtaí agus eolaíocht shóisialta cháilíochtúil le heolas agus tuiscint na sochaí? Nílim ar bhealach ar bith ag cáineadh modhanna eolaíochta nó na heolaíochta sóisialta cainníochtúla. Níl ordlathas ar bith ann agus níor chóir go mbeadh tús áite ag ceann amháin thar na cinn eile. Is éard atá tábhachtach ná na cuir chuige a oireann don tuiscint atá á lorg agus an chríochnúlacht lena n-úsáidtear iad.

“Is go hindíreach a oibríonn rannpháirtíocht chultúrtha, rud a spreagann muid le machnamh a dhéanamh ar ár réchúis agus í a chur as a riocht”

Faoi dheireadh, is gá go síneofar an cur chuige atá againn i leith tuiscint a fháil ar luach na n-ealaíon agus an chultúir trí eispéireas pearsanta a athchur i gcroí an fhiosraithe maidir le luach cultúrtha. Má thugann muid tús áite don tionchar ar an ngeilleagar, cathracha agus sláinte, tá faillí á déanamh againn i gceisteanna amhail an machnamh, an comhbhá agus an tsamhlaíocht. Agus tá sé léirithe gur ó eispéireas pearsanta a thagann túsphointe na gceisteanna seo, go hindibhidiúil nó i suíomhanna sóisialta. Léiríonn go leor staidéar go mbaineann rannpháirtíocht le cineálacha éagsúla ealaíon leis na tréithe sin, agus d’fhéadfaí breathnú ar na tréithe féin mar bhunchloch sochaí ina bhfuil saoránaigh rannpháirteacha a bhfuil an cumas iontu a bheith rannpháirteach agus freagrach go sibhialta agus samhlaíocht pholaitiúil níos leithne a spreagadh. Is cuma má bhreathnaíonn muid ar ealaíon sna príosúin mar thúsphointe an aistir i dtreo stad deonach gníomhartha coiriúla, úsáid na rannpháirtíochta cultúrtha chun comhbhá a chothú i gcúramóirí gairmiúla, an bhaint atá ag litríocht mhaith a léamh agus Teoiric na hAigne a fhorbairt, nó úsáid an chleachtais ealaíon chun cabhrú le daoine smaoineamh faoin athrú aeráide agus ní úsáid theagascach atá i gceist anseo ach úsáid a spreagann machnamh, léiríonn an fhianaise chomh lárnach is atá na healaíona agus an cultúr inár machnamh pearsanta agus inár saoránacht níos leithne. Is go hindíreach a oibríonn rannpháirtíocht chultúrtha, rud a spreagann muid le machnamh a dhéanamh ar ár réchúis agus í a chur as a riocht.

Trí níos mó airde a thabhairt ar na bealaí ina spreagann eispéiris chultúrtha an machnamh, éiginnteacht agus samhlaíocht, is féidir linn filleadh ar na gnáthbhuntáistí a síleadh a bheith i gceist

leis na healaíona agus cultúr. Athdhearbhaíonn sé seo a gcuireann siad leis an ngeilleagar, bailte, agus mar sin de, ach go minic, athraíonn sé an chaoi a dtuigimid an méid sin. Nuair a fhéachann eagraíochtaí rialtais agus cultúrtha ar an méid a chuireann na healaíona leis na ngeilleagar, is ar an tionchar eacnamaíoch i gcónaí a bhíonn an bhéim, ar ranníocaíocht chomhlán breisluacha (GVA) earnála nó eagraíochta don gheilleagar áitiúil nó náisiúnta. Tá amhras dáiríre ann faoi théagar modhanna agus conclúidí staidéar den chineál seo, cé gur ann do phríomhthéamaí eacnamaíocha a bhaineann ar bhealaí níos bunúsaí leis an méid a dhéanann na healaíona agus cultúr i ndáiríre:

an chaoi a gcuireann timpeallacht chultúrtha níos leithne leis na tionscail chruthaitheacha; an chaoi a síltear nasc a bheith idir daonra atá dúshlánach agus cruthaitheach agus nuálaíocht níos leithne; agus an ról a imríonn beocht chultúrtha ó thaobh tallann agus infheistíocht a mhealladh chuig tír nó cathair. Tá an chuma orthu seo ar fad go bhféadfaidís a bheith i bhfad níos tábhachtaí don gheilleagar, chomh maith le bheith níos fréamhaithe ina mbíonn i gceist leis na healaíona agus cultúr.

Rud eile a mhaítear i gcás na n-ealaíon agus an chultúir ná a ról i gceantair uirbeacha a athbheochan trí cheolárais, dánlanna, agus ionaid chultúrtha nua, nó trí cheantair bhríomhara chruthaitheacha a chothú. Ach fós féin, is minic a bhíonn an t-uaisliú agus an geilleagar eispéiris mar thoradh ar an athbheochan áiteanna tríd an gcultúr, agus baineann cur isteach agus eisiamh na gcónaitheoirí atá ann cheana féin leis, táirgeoirí cruthaitheacha san áireamh. B'fhéidir go ndéantar athbheochan ar áiteanna ach ní dhéantar ar phobail. Léiríonn taighde maidir le cathracha SAM, áfach, go bhféadfadh buntáistí níos inbhuanaithe do phobail uirbeacha teacht ó ealaíona tráchtála nach bhfuil chomh mór sin, ó ealaíona pobail, agus ó ealaíona rannpháirteacha – stiúideonna dearaidh, ionaid bheaga cheoil, grúpaí ealaíne pobail agus mar sin de a bheith ann, rud a d'fhéadfadh conaire níos cothroime i dtreo na hathbheochana a chruthú. Is cinnte go gcruthaíonn na healaíona agus cultúr buntáistí do chathracha agus don saol uirbeach, ach i gcomhthéacs na héagothroime struchtúrtha uirbí, tá i bhfad níos mó soiléireachta ag teastáil uainn maidir lena bhfuil i gceist leis na buntáistí sin.

> *"Is réimse eile é an méid a chuireann na healaíona agus an cultúr leis an tsláinte agus leis an bhfolláine inar léiríodh fíorthairbhe"*

Is réimse eile é an méid a chuireann na healaíona agus an cultúr leis an tsláinte agus leis an bhfolláine inar léiríodh fíorthairbhe, mar shampla do dhaoine a bhfuil fadhbanna sláinte fisiciúla agus meabhracha acu, dóibh siúd a bhfuil néaltrú orthu, agus dóibh siúd a gcuireann a rannpháirtíocht leis na healaíona feabhas ar a bpróiseas dul in aois, go fadtéarmach agus go gearrthéarmach araon. Sa chás seo chomh maith, is minic gurb é an t-eispéireas pearsanta an túsphointe don tairbhe, trí dhul i ngleic le fadhbanna meabhairshláinte, rannpháirtíocht a chinntiú le cláir shláinte an phobail, cabhrú le téarnamh ó strócanna trí leibhéil chliniciúla ísle brí a laghdú, agus go leor eile.

Cuirfidh mé clabhsúr leis an méid seo le réimse a mbeadh spéis faoi leith ag úsáideoirí Thairseach na nEalaíon san Oideachas ann. Maíonn tacadóirí an oideachais ealaíne ar scoil go bhfeabhsaíonn sé gnóthachtáil ar thástálacha caighdeánaithe. Tá an fhianaise atá ann maidir le taighde air seo ó SAM agus na RA lag, agus mionfheabhas a bhíonn i gceist ar an lá is fearr de, agus go minic ní hann d'fheabhas ar bith. Ar an lámh eile, léiríonn an taighde na buntáistí atá ann do ghnéithe a bhíonn mar bhonn leis an bhfoghlaim amhail cumais chognaíocha, féinmhuinín, spreagadh, fiosracht, réiteach fadhbanna agus, ar ndóigh, an tsamhlaíocht agus ceistiúchán atá ina mbunghnéithe don fhoghlaim níos leithne agus do riachtanais lucht saothair na todhchaí. Sampla maith de seo ná an measúnú a rinneadh ar an tionscadal ceoil In-Harmony in West Everton i Learpholl. Cén fáth, mar sin, nach ndíreoimis air sin, seachas ar fheabhas ar an ngnóthachtáil féin nach ndearbhaítear in aon cheann den mhórchuid staidéar a rinneadh?

Is é an freagra atá ann ar ndóigh, ná go dtosaíonn muid i bhfad rómhinic leis na réamhghlacana céanna a ceistíodh sa phíosa seo: gurb é an aidhm a bhaineann le hiniúchadh a dhéanamh ar luach na n-ealaíon agus an chultúir ná rud éigin a chur ina luí ar an rialtas, seachas an rud a thuiscint ar dtús, gur chóir go leanfadh cur ina luí ar an rialtas cláir an rialtais seachas tionchar a imirt orthu, agus gurb iad sonraí simplí cainníochtúla an cineál is fearr fianaise. Mar a léiríodh sa phíosa seo, is féidir linn bheith níos fearr ná sin. Agus nuair a dhéanann muid níos fearr, b'fhéidir go bhfeicfimis go bhfuil luach na n-ealaíon agus an chultúir níos mó fiú ná mar a shíl muidne tráth. Agus le luach atá níos caolchúisí agus spéisiúla ná mar a rabhthas ag súil leis, b'fhéidir.

*Is Ollamh i Scoil Ard-Léinn na nDaonnachtaí, scoil iarchéime in University of London, é Geoffrey Joel*

*Crossick PhD FRHistS. Ba Leas-Seansailéir é ar London University ó 2010-12.*

Aiste arna Coimisiúnú ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas, 2017